Dáta an Leagain seo den Fhoirm: 08/2015

PVS 1

CLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ

Iarratas ó dhaoine ar a bhfuil Tinneas Coirp nó Míchumas Coirp chun a n-ainm a chur san áireamh san Fhorlíonadh a ghabhann le Liosta na bPostvótálaithe

Léigh na nótaí go cúramach, le do thoil, sula gcomhlánóidh tú an fhoirm.

Cuid A – Mionsonraí faoin Iarratasóir

Ainm: **(bloclitreacha)**	
[Cuir isteach mionsonraí eile, le do thoil, amhail Mór, Beag, ainm eile nó túslitir, má tá duine eile ag a bhfuil an túsainm nó an sloinne céanna ina chónaí nó ina cónaí ag an seoladh céanna.]	
Seoladh: **(bloclitreacha)**	
Eircode:	☐☐☐☐☐☐☐
Dáta Breithe:	

Dearbhú agus Iarratas

Dearbhaím leis seo nach bhfuil mé in ann dul go pearsanta chun vóta a chaitheamh i stáisiún vótaíochta de bharr tinneas coirp nó míchumas coirp a bheith orm **agus go bhfuil gnáthchónaí orm ag an seoladh thuas.** Déanaim iarratas leis seo m'ainm a chur san áireamh san fhorlíonadh a ghabhann le liosta na bpostvótálaithe.

Síniú nó marc an Iarratasóra	
Finné (i gcás ina n-úsáidtear marc)	
Dáta:	
Uimhir theileafóin i rith an lae/Uimhir Fóin Póca:	
Ríomhphost:	

Cuid B – Teastas Dochtúra

Ní mór an chuid seo a chomhlánú i gcás an chéad iarratais agus, i gcás iarratas ina dhiaidh sin, má cheanglaíonn an t-údarás clárúcháin amhlaidh.

Deimhním leis seo go bhfuil tinneas coirp nó míchumas coirp ar an iarratasóir thuasainmnithe, agus is mar a leanas cineál agus méid an tinnis nó an mhíchumais sin: _____

_____

_____

_____

agus, ar an ábhar sin, ní bheidh sé/sí in ann dul go pearsanta chun vóta a chaitheamh sa stáisiún vótaíochta: Is dócha go leanfaidh an tinneas coirp nó an míchumas coirp ar aghaidh go ceann: _____

_____

Síniú an Lia-Chleachtóra Chláraithe:	
Ainm an Lia-Chleachtóra Chláraithe: **(bloclitreacha)**	
Seoladh: **(bloclitreacha)**	
Eircode:	☐☐☐☐☐☐☐
Dáta:	

NOTAÍ A GHABHANN LE FOIRM PVS1

Iarratas ó dhaoine ar a bhfuil Tinneas Coirp nó Míchumas Coirp chun a n-ainm a chur san áireamh san Fhorlíonadh le Liosta na bPostvótálaithe

1. Is é is cuspóir don fhoirm seo an bealach a réiteach do vótálaithe a bhfuil cónaí orthu sa bhaile, a bhfuil a n-ainm ar chlár reatha na dtoghthóirí ach nach bhfuil a n-ainm i liosta na bpostvótálaithe agus mar gheall ar thinneas coirp nó míchumas coirp a dóigh a leanfaidh le linn thréimhse an chláir reatha ar mian leo a n-ainm a chur san áireamh san fhorlíonadh a ghabhann le liosta na bpostvótálaithe.

   Cé nach bhfuil aon srianta ann i dtaobh cathain a fhéadfar an fhoirm a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an údarás clárúcháin, is é atá sa dáta deireanach a nglacfaidh údarás clárúcháin le hiarratas ná dhá lá tar éis dháta lánscor na Dála i gcás olltoghcháin agus dhá lá tar éis an t-ordú maidir leis an lá vótaíochta a dhéanamh i gcás corrthoghcháin Dála le gur féidir an t-iarratas a bhreithniú i gcomhair an toghcháin sin. I gcás toghcháin Uachtaráin, toghcháin Eorpaigh nó toghcháin áitiúla nó i gcás Reifrinn, ní mór an t-iarratas a bheith faighte ag an údarás clárúcháin 22 lá ar a laghad roimh an lá vótaíochta (gan Domhnaí, Aoine an Chéasta ná Laethanta Saoire Poiblí a áireamh) le gur féidir é a bhreithniú i gcomhair an toghcháin nó an reifrinn sin.

2. Faoin Acht Toghcháin 1992, arna leasú leis an Acht Toghcháin (Leasú) 1996, féadfaidh toghthóir a bhfuil tinneas coirp nó míchumas coirp air/uirthi agus a bhfuil cónaí air/uirthi sa bhaile iarratas a dhéanamh chuig a údarás/húdarás clárúcháin áitiúil chun a ainm/hainm a chur san áireamh i liosta na bpostvótálaithe. Níl aon toghthóir atá cláraithe sa chatagóir seo cáilithe lena ainm/hainm a chur san áireamh i liosta na vótálaithe speisialta. Ní fhéadfaidh toghthóir a bhfuil a ainm/hainm san áireamh i liosta na vótálaithe speisialta vóta a chaitheamh **ach amháin leis an bpost** i dtoghchán nó i reifreann.

3. **Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?**

Más duine tú den chineál a thuairiscítear ag 1 thuas, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh chun d'ainm a chur san áireamh san fhorlíonadh a ghabhann le liosta na bpostvótálaithe.

4. **Cé a chomhlánaíonn an t-iarratas?**

Tá dhá chuid ann san fhoirm iarratais. Ní mór don iarratasóir Cuid A den fhoirm a chomhlánú. I gcás an chéad iarratais, ní mór do dhochtúir Cuid B den fhoirm a chomhlánú.

5. **Cén áit ar ceart dom an fhoirm iarratais a sheoladh?**

Is ceart foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur chuig d'údarás clárúcháin nó a sheachadadh ar d'údarás clárúcháin (Comhairle Cathrach, Comhairle Contae agus Comhairle Cathrach agus Contae).

6. **Cad a tharlaíonn ina dhiaidh sin?**

Cuirfidh an t-údarás clárúcháin a gcinneadh ar d'iarratas in iúl duit agus, má dhiúltaítear dó, tabharfar na cúiseanna leis an diúltú duit.

7. **Eircode**

Is é atá in Eircode ná an córas náisiúnta postchód in Éirinn agus cuimsíonn sé postchód uathúil 7 ndigit atá sannta do gach seoladh dá bhfuil ann in Éirinn.

8. **Mionsonraí teagmhála**

Tá mionsonraí teagmhála á lorg ar eagla gur gá don údarás clárúcháin teagmháil a dhéanamh leat chun aon mhionsonraí atá ann san iarratas a shoiléiriú.

9. Is cion é mainneachtain aon fhaisnéis a theastaíonn ón údarás clárúcháin chun críche a ndualgas a thabhairt don údarás nó don chláraitheoir sin nó faisnéis bhréagach a thabhairt go feasach.